

## Comhthéacs Beartais

Sainítear meicníochtaí institiúideacha um chomhionannas inscne i mBPfA mar an bonneagar náisiúnta do chur ar aghaidh na mban agus breathnaítear orthu mar an lárionad um chomhordú beartas laistigh den rialtas. Laistigh den chreat AE, déanann meicníochtaí institiúideacha tagairt do na comhlachtaí rialtais atá ann cheana a bhfuil an sainordú acu a dtéann thar chur ar aghaidh na mban agus lena náirítear comhionannas inscne agus príomhshruthú na gné sin i ngach réimse beartais.

### Conclúidí Chomhairle an Aontais Eorpaigh (2006 agus 2013)

- Tá sé mar chuspóir iontu bonneagar agus comhlachtaí eile rialtais a chruthú agus a neartú, le gné inscne a chuimsiú i reachtaíocht/beartais phoiblí agus le sonraí um imdhealú inscne a bhailiú (2006).
- Athdhearbhaíonn an gá le meicníochtaí institiúideacha do chomhionannas inscne a thacú, agus iarrann cur chuige déach a thugann príomhshruthú inscne agus gníomh dearfach le chéile (2013).
- Iarrann straitéisí náisiúnta, pleananna gníomhaíochta uirlisí agus modhanna um príomhshruthú inscne, agus úsáid iomlán a bhaint as staidreamh inscne inchomparáideacha (2013).

### An Treoir 2002/73/EC maidir le caitheamh comhionann le mná agus le fir i gcúrsaí fostaíochta

Éilítear ar Bhallstáit na socruithe cuí a dhéanamh don chomhlacht (do na comhlachtaí) atá freagrach as cur chun cinn, anailís, faireachán agus tacaíocht maidir le caitheamh comhionann gach duine gan idirdhealú ar bhonn gnéis.

### Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Príomhshruthú (1996)

Sainíonn prionsabal “príomhshruthú inscne” mar chuntas córasach ar dhifriochtaí idir dálaí, cásanna agus riachtanais na mban agus na bhfear i ngach beartas agus gníomh an Aontais Eorpaigh.

Rialachán (CE) Uimh. 1081/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa agus lena naisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1784/1999.

Luann go bhfuil príomhshruthú inscne agus gníomhaíocht ar leith maidir le mná sa mhargadh fostaíochta ar cheann de na tosaíochtaí maoinithe agus nach foláir do Bhallstáit cur síos a dhéanamh ar conas a dhéanfaidh siad comhionannas inscne a chuimsiú sa timthriall cláraithe.

### Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006

- Leagann síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus lena naisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1260/1999.
- Leagann síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus dearbhaíonn go náiritheoidh Ballstáit agus an Coimisiún go gcuirtear comhionannas idir mná agus fir agus cuimsiú na gné inscne chun cinn le linn na gcéimeanna éagsúla chun na cistí a chur i bhfeidhm.

## Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpaigh

- H.1.** Meicníochtaí agus comhlachtaí rialtais eile chruthú nó a neartú.
- H.2.** Gnéithe inscne a chuimsiú sa reachtaíocht, sna beartais phoiblí, clár agus tionscadail.
- H.3.** Sonraí agus faisnéis maidir le himdhealú inscne a ghiniúint agus a scaipeadh ar son cúrsaí pleanála agus meastóireachta.

In 2006, rinne Uachtaránacht na Fionlainne ar Chomhairle AE athbhreithniú ar stádas na meicníochtaí institiúideacha um chomhionannas inscne agus d'fhorbair trí tháscaire, a dhéanann faireachán ar leibhéal na freagrachta rialtais le comhionannas inscne a chur chun cinn, acmhainní daonna de chuid an chomhlachta rialtais agus comhlachtaí eile um chomhionannas inscne agus fairsinge a thomhas maidir le cur i bhfeidhm príomhshruthú inscne i mBallstáit. In 2013, le linn Uachtaránacht na Liotuáine, rinneadh athbhreithniú ar an réimse agus forbraíodh táscaire ar úsáid staidreamh imdhealaithe inscne mar áis chun príomhshruthú inscne.



Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>

## Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

### Méadú i ngealltanais dlíthiúil agus institiúideach um príomhshruthú inscne

Tá creat dlí ar bun i mbeagnach leathchuid de gach uile Bhallstát (47 %) ar chur i bhfeidhm príomhshruthú inscne (i gcomparáid le 36 % in 2006). Faoi láthair, tá bonneagair rialtais do chur i bhfeidhm príomhshruthú inscne i bhformhór na mBallstát. Oibleagáid dhlíthiúil is ea buiséadú inscne in ocht mBallstát. Maidir le buiséadú inscne agus measúnú tionchair inscne, níl a leithéid éigeantach i bhformhór na mBallstát, áfach, agus ní bhainfear mórán úsáide astu dá réir.


Éilítear i gcur i bhfeidhm príomhshruthú inscne: gealltanais polaitiúil; bonneagar comhlachtaí rialtais agus oifigigh atá freagrach as príomhshruthú inscne; comhairliú le saineolaithe inscne laistigh den rialtas agus den tsochaí sibhialta; eolas (oiliúint agus spreagadh feasachta) ar conas príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm; agus úsáid na modhanna agus na nuirlisí. Ar mheasúnú na feidhmíochta, de réir na samhla a mhol

Uachtaránacht na Liotuáine, b'iad an Fhionlainn agus an Fhrainc (14 phointe), an Spáinn agus an tSualainn (13.5 phointe), agus an Ostair (13 phointe) na Ballstáit AE leis an rangú is airde. B'iad Éire (2 phointe), an tSlóvaic (3.5 phointe), an Laitvia (4 phointe), agus an Ghréig (4.5 phointe) na Ballstáit leis an rangú is ísle. Fuair na Ballstáit uile eile rangú sa réimse meánach (5-10 bpointe).

### Léiríonn líon níos airde Ballstát ardleibhéil feidhmíochta maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn

I gcomhréir le critéir a leagadh síos don mheasúnachta ar fheidhmíocht, faigheann Ballstát 10 bpointe i gcás ina dtugtar an fhreagracht is airde as comhionannas inscne a chur chun cinn d'aire rialtais; ina bhfuil comhlacht rialtasach buan um chomhionannas inscne ag leibhéal is airde i roinn; ina bhfuil na príomhfheidhmeanna ann mar atá 1) beartas rialtais a cheapadh, 2) athbhreithniú ar reachtaíocht agus dréachtú dlíthe, 3) feidhmiú chinntí an rialtais a chur chun cinn, agus 4) príomhshruthú inscne a chomhordú agus/nó a fhorbairt; agus ina bhfuil plean gníomhaíochta ag an mBallstát chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus córas ar bun le tuairisciú chuig comhlachtaí reachtaíochta ar bhonn rialta. Ar an iomlán, bhí feabhsú i bhfeidhmíocht roinnt Ballstát ó bhí 2006 ann. In 2013, bhain ocht mBallstát an scór is airde amach, i gcodarsnacht le trí Bhallstát in 2006. I measc na mBallstát eile, bhí feabhas ar dheich gcinn acu, ní raibh athrú ar bith ar chúig acu agus fuair trí cinn scór níos ísle ná in 2006.


### OIBLEAGÁIDÍ DLÍTHIÚLA LE MODHANNA PRÍOMHSHRUTHAITHE A FHEIDHMIÚ AG BALLSTÁIT, 2013



Foinse: EIGE, Éifeachtacht na Meicníochtaí Institiúideacha maidir le Comhionannas Inscne a Chur Ar Aghaidh, 2014.



## FORBAIRTÍ I BHFREAGRACHT RIALTAIS MAIDIR LE COMHIONANNAS INSCNE A CHUR CHUN CINN SNA BALLSTÁIT, 2006 AGUS 2013



Foinse: EIGE, Éifeachtacht na Meicníochtaí Institiúideacha maidir le Comhionannas Inscne a Chur Ar Aghaidh, 2014.

### Tá riachtanas dlí ar bun i mbeagnach gach Ballstát AE chun staidreamh ar imdhealú inscne a tháirgeadh

Tugtar scór i scála ó phointe amháin go sé phointe chun tairgeadh agus scaipeadh staidrimh ar imdhealú inscne a thomhas go cáilíochtiúil, agus feidhmíocht á tomhas de réir trí chritéir: gealltanais an rialtais chun staidreamh ar imdhealú inscne a tháirgeadh, gealltanais an rialtais maidir leis an staidreamh sin a scaipeadh, agus modhanna i bhfeidhm chun staidreamh ar inscne a scaipeadh. Fuair ceithre Bhallstát AE an líon is airde pointí (6). Níl ach trí Bhallstát AE ann nach bhfuil oibleagáid dhlíthiúil náisiúnta iontu le staidreamh ar imdhealú inscne a tháirgeadh, agus tá seacht gcinn ann nach bhfuil d'oibleagáid orthu an staidreamh sin a chur ar fáil ag an bpobal.

### Tá comhlacht neamhspleách maidir le caitheamh comhionann le mná agus le fir a chur chun cinn ar bun i gcúig Bhallstát.

Thug formhór na mBallstát aghaidh ar idirdhealú bunaithe ar inscne agus deiseanna comhionann idir mná agus fir in éineacht le líon foras eile idirdhealaithe, a tugadh do chomhlacht neamhspleách atá ceaptha le tabhairt faoi idirdhealú agus le dul i ngleic leis. Bhí líon níos lú Ballstát in 2013 ná in 2006 a raibh comhlacht speisialaithe frithidirdhealaithe acu le caitheamh comhionann le mná agus le fir a chur chun cinn.

I mbeagnach gach uile Bhallstát, bhuail an ghéarchéim gheilleagrach an earnáil phoiblí, agus chonacthas laghdú suntasach i mbaill fhoirme. B'éagsúil an tionchar ar chomhionannas inscne i measc na mballstát, áfach, agus níor léiríodh cás níos measa i rangú AE28 i ngach uile Bhallstát.

## Tograí úsáideacha:

**Buiséadú inscne:** Ó 2013, iarradh ar an Stát Cónaidhme, na Cúigí Cónaidhme agus Bardais san Ostair buiséadú inscne a chur i bhfeidhm i mbainistíocht buiséid. Sa Bheilg, in 2010 ghlac Comhairle na nAirí ciorclán ar bhuiséadú inscne agus foilsíodh lámhleabhar ar an gcomhthéacs reachtaíochta agus praiticiúla. Ó 2010, ghlac gach Roinn de chuid na Fraince beartais thrasnacha le béim a chur ar dhícheall buiséadach a rinneadh don chomhionannas inscne.

**Measúnú tionchair inscne:** Sa Fhrainc, in 2012, cuimsítear gnéithe comhionannais inscne ag measúnú tionchair ex ante na gcáipéisí reachtaíochta. Tá sé mar chuspóir iontu a mheas má bhaintear níos mó leas as na rialacháin de réir inscne, i mbealach díreach nó neamhdhíreach, nó go ndéanfadh an cás atá ann faoi láthair níos measa. Ó 2013, tá an áis "tástáil inscne" ar bun mar áis ar leith d'fhonn comhionannas inscne in anailís ar thionchar ex ante reachtaíochta agus ar rialacha riaracháin atá le cur faoi bhráid Chomhairle na nAirí. San Ostair, díríonn an measúnú tionchair inscne ar iarmhairtí a d'fhéadfadh bheith ag tionscadail na rann ar chomhionannas na mban agus na bhfear trí anailís a dhéanamh ar an tionchar i sé réimse: íocaíochtaí do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha; fostaíocht, ioncam, agus oideachas; obair gan pá; ioncam poiblí; próisis chinnteoireachta agus comhlachtaí cinnteoireachta; baintear leas as freisin le hanailís a dhéanamh ar dhlíthe agus áirítear leis: anailís ar fhadhbanna, cuspóirí agus bearta, táscairí agus measúnú réimse tionchar.



## DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE H: MEICNÍOCHTAÍ INSTITIÚIDEACHA MAIDIR LE CUR AR AGHAIDH NA MBAN

### DUL CHUN CINN

- Tá méadú i bhfreagracht rialtais as comhionannas inscne a chur chun cinn.
- Tá fás i líon na gcomhlachtaí neamhspleácha a chuireann comhionannas inscne chun cinn.
- Cruthaíodh EIGE mar mheicníocht institiúideach ag leibhéal AE d'fhonn comhionannas inscne a chur ar aghaidh.
- Tá méadú in úsáid staidrimh ar imdhealú inscne.

### BAIC

- Chuir an ghéarchéim gheilleagrach isteach ar acmhainní a dáileadh ar chomhionannas inscne.
- Ní chuirtear príomhshruthú inscne i bhfeidhm i ngach réimse beartais agus is annamh a úsáidtear buiséadú inscne ar fud na mBallstát.
- Tá laghdú i líon na rialtas, a bhfuil freagracht as comhionannas inscne ag airí rialtas.
- Is féidir go léireofar baol maidir le hinfheictheacht agus éifeachtacht an chomhionannais inscne mar réimse beartais sna treochtaí le déanaí maidir le comhlachtaí comhionannais a phléann le hinscne amháin a chumas le comhlachtaí a phléann le líon foras idirdhealaithe.

## An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Tacú le héifeachtúlacht na meicníochtaí institiúideacha trí acmhainní daonna agus airgeadais a leithdháileadh de réir mar is cuí le héilimh mhéadaithe agus iltascanna a chomhlíonadh.
- Méadú a chur ar an acmhainneacht chun móráiseanna um príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm do cheapadh beartas (e.g. buiséadú inscne, measúnú tionchair inscne agus forbairt acmhainn inscne).
- Comhionannas inscne a choinneáil mar thosaíocht beartais, áirithiú go dtacaíonn meicníochtaí institiúideacha na réimsí eile beartais trí phríomhshruthú inscne leordhóthanach agus cur le hobair a thugann aghaidh ar chásanna idirdhealaithe ar fhoras inscne.
- Cur i bhfeidhm comhionannas inscne agus *acquis* Eorpach a threisiú, lena gcuirtear ar chumas comhionannas *de jure* a aistriú go *de facto*, agus ag áirithiú ag an am céanna nach dtéitear i ngleic le comhionannas inscne ach trí ghné dhlí amháin.

## An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaofa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtas chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



### Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality  
Gedimino pr. 16  
LT-01103 Vilnius  
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA  
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

[facebook.com/eige.europa.eu](https://facebook.com/eige.europa.eu)

[twitter.com/eurogender](https://twitter.com/eurogender)

[youtube.com/eurogender](https://youtube.com/eurogender)

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:1 **MISSING**

MH-04-15-022-DE-N